July 2024 | GA




## Dearcadh na Cosmhuintire – S4 Podchraoladh 6 – An rialachas eacnamaíoch: tá uair na cinniúna buailte leis an Eoraip

Fáilte chuig Dearcadh na Cosmhuintire, prodchraoladh de chuid Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE). San eagrán seo, pléifimid na castachtaí a bhaineann leis an rialachas eacnamaíoch agus na dúshláin atá roimh thírdhreach eacnamaíoch na hEorpa. Gheobhaidh tú tuilleadh eolais faoin leibhéal comhthola maidir le rialachas eacnamaíoch i measc thíortha an Aontais agus na roghanna deacra a bheidh le déanamh ag an Eoraip chun a geilleagar a oiriúnú d'éilimh an 21ú haois.

Inár gcuideachta tá **Luca Jahier,** iar-Uachtarán CESE agus Cathaoirleach reatha ar an nGrúpa um an Seimeastar Eorpach in CESE, **Margarida Marques**, Feisire de Pharlaimint na hEorpa ón nGrúpa d'Aontas Forchéimnitheach na Sóisialaithe agus na nDaonlathaithe, **Maria Demertzis,** comhalta sinsearach ag an meitheal mhachnaimh Bruegel, agus **Maria Tadeo,** comhfhreagraí atá lonnaithe sa Bhruiséil. (tk)

This page is also available in:

- ES
- BG
- CS
- DA
- EN
- DE
- ET
- FR
- EL
- HR

# EDITORIAL



## Eagarfhocal

**Teastaíonn Eoraip ina dtuigtear an tábhacht le guth na ndaoine óga**

I mí Iúil, tionólfar an chéad suí iomlánach de Pharlaimint nua-thofa na hEorpa. Cé go bhfuil tromlach na bhFeisirí nua fós ar son an daonlathais, is ábhar imní é an méadú atá tagtha tar éis thoghcháin mhí an Mheithimh ar pháirtithe na heite fíordheise agus ar pháirtithe Eoraisceipteacha. Chonaiceamar freisin méadú ar an tóir atá ag an nglúin óg ar na páirtithe atá i bhfad amach ar dheis, agus is léir nach bhfuil an t-aos óg saor ó thionchar na bpáirtithe sin. Is mithid do lucht an daonlathais freagracht a ghlacadh, oibriú le chéile agus tiomantas soiléir a léiriú d'Eoraip láidir ina bhfuil tábhacht le guth na ndaoine óga.

Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh daoine óga rannpháirteach i bpróiseas ceaptha beartas an Aontais, sin le go mbeidh an Eoraip acmhainneach, inbhuanaithe agus ag amharc chun cinn. Ní mór dúinn iarracht bhreise a dhéanamh chun guth na hóige a chomhtháthú go hiomlán sna gealltanais a thugtar ar leibhéal an Aontais. Ní tráth toghcháin amháin ba cheart guth na hóige a chur san áireamh: tá sé á mholadh ag CESE teacht ar bhealaí córasacha agus rialta trína bhféadfadh daoine óga labhairt leis an Eoraip.

Ar cheann de thosaíochtaí mo théarma oifige féin tá doirse CESE a oscailt do dhaoine óga, daoine óga ó thíortha is iarrthóirí san áireamh. I mí na Bealtaine 2024, ba é CESE an chéad institiúid Eorpach a rinne promhadh na hóige ar a mholtaí beartais. Uirlis atá ann a ceapadh lena chinntiú go rachaidh na tograí chun tairbhe do dhaoine óga. Trí phromhadh na hóige a dhéanamh ar ár dtuairimí, cinntímid go gcuirtear dearcadh an aosa óig san áireamh sna beartais, go gcuirtear an tionchar ar dhaoine óga san áireamh i gcoitinne agus go maolaímid na héifeachtaí diúltacha a d’fhéadfadh a bheith ag na beartais orthu.

Sular tugadh promhadh na hóige isteach, reáchtálamar treoirthionscadal lena fháil amach conas a d’oibreodh tástáil den sórt sin go praiticiúil. D’oibríomar i gcomhar le daoine óga ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin, daoine a ghlac páirt inár gcruinnithe agus a chuidigh linn na tuairimí a dhréachtú. Ba mhór an spreagadh é a dtiomantas, a ndiongbháilteacht, a sár-smaointe agus a saineolas. Sheolamar an glao ar iarratais ar phromhadh na hóige in CESE, agus dúnadh an glao sin an 30 Meitheamh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na hionadaithe óige uile a ghlac páirt sa treoirthionscadal agus le comhaltaí Ghrúpa Óige CESE as a dtiomantas promhadh na hóige ar bheartais an Aontais a fhíorú.

Tá daoine óga de dhíth ar an Aontas Eorpach. Sin é an fáth nach mór d’institiúidí an Aontais beart a dhéanamh chun Eoraip atá dírithe ar an aos óg a chur ar fáil. Cé gur le linn na míosa seo chugainn a mhúnlófar an cruth nua a bheidh ar Pharlaimint na hEorpa agus a thosóidh an Coimisiún Eorpach ag ullmhú dá chéad théarma oifige eile san fhómhar, leanfaidh CESE d’infheistíocht bhreise i ndaoine óga a chur chun cinn: seo an t-am ceart le céim chun cinn a ghlacadh!

Agus an samhradh linn anois, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas ó chroí a ghabháil leis na comhghleacaithe go léir a d’fhág gurbh fhéidir cloch mhíle mhór eile a bhaint amach dár gCoiste.

**Oliver Röpke**

**Uachtarán CESE**

# DIARY DATES

12 Iúil 2024

**Gan aon duine a fhágáil ar lár: iarrachtaí an Aontais Eorpaigh chun galair neamhchoitianta a shrianadh**

15 Iúil 2024

**An foréigean in aghaidh na mban, saincheist a bhaineann le cearta an duine**

18-19 Meán Fómhair 2024

**Seisiún iomlánach de chuid CESE**

# CROÍ AN SCÉIL

**Is é is aidhm do phromhadh na hóige ar bheartais an Aontais a chinntiú go mbeidh lámh níos mó ag daoine sa phróiseas ceaptha beartas. Agus an próiseas iarratais le haghaidh phromhadh na hóige ar bheartais an Aontais dúnta anois, labhair Uachtarán an Ghrúpa Óige in CESE faoin gcaoi a mbainfeadh na heagraíochtaí don óige a roghnaíodh chun páirt a ghlacadh in obair CESE tairbhe as an bpromhadh sin.**

---



## TUGANN CESE PÁIRT D’IONADAITHE NA HÓIGE SAN OBAIR A DHÉANANN SÉ

**Katrīna Leitāne, Cathaoirleach Ghrúpa Óige CESE a scríobh**

Is faoi ghannionadaíocht atá leasanna na ndaoine óige sa cheapadh beartas ar fud an domhain, ach tá sé ar a gcumas páirt a ghlacadh ann agus tá fonn orthu déanamh amhlaidh. Ach tuairimí na hóige a chur san áireamh in obair CESE, is ionadaí agus is athléimní na beartais a chuirfidh sé chun cinn. Ós rud é gurb ionann CESE agus croílár shochaí shibhialta na hEorpa, ba cheart dó a bheith ar an institiúid is mó a chuireann glór na hóige chun tosaigh.

Le roinnt blianta anuas, tá iarracht á déanamh ag CESE glór na hóige a chur san áireamh níos mó ina chuid oibre féin agus i bpróiseas déanta na gcinntí san Aontas. Bunaíodh Grúpa Óige CESE bliain amháin ó shin chun rannpháirtíocht na n-óg a chur ar bhonn foirmiúil. A bhuí leis an tuairim *Measúnú tionchair an Aontais ó thaobh na hÓige de*, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2022, bhí CESE ar an gcéad institiúid de chuid an Aontais a ghabh uirthi féin an measúnú sin a chur chun feidhme. I mí Aibreáin 2024, ghlac CESE céim mhór eile chun tosaigh tar éis dó an mhodheolaíocht a fhormheas lena ndéanfaí **Measúnú tionchair an Aontais ó thaobh na hÓige de a chur i bhfeidhm in CESE**.

Is uirlis é Measúnú tionchair an Aontais ó thaobh na hÓige de a ceapadh chun rannpháirtíocht na ndaoine óga i ndéanamh na mbeartas a threisiú agus cuid lárnach de phróiseas déanta na mbeartas a dhéanamh de ghné na hóige. Mar chuid den uirlis sin tá comhairliúcháin, measúnuithe tionchair, agus bearta maolaithe. Is éard a chiallaíonn sé sin i gcomhthéacs CESE go mbeidh ionadaithe de chuid na hóige i dteagmháil le comhaltaí de CESE agus tuairimí áirithe á ndréachtú. Ón taobh praiticiúil de, glacfaidh ionadaithe de chuid na hóige páirt i gcruinnithe agus éisteachtaí, cuirfidh siad ábhar ar fáil i scríbhinn, agus is féidir go leanfaidh siad mar a éiríonn leis na tuairimí tionchar a imirt ar chúrsaí. Ionadaí amháin ina aghaidh na tuairime a

dhéanfaidh obair thar ceann na n-eagraíochtaí óige leasmhara go léir.

Is ag céim an chuir i bhfeidhm atá an tionscnamh seo i láthair na huaire. I mí Mheitheamh na bliana seo, fógraíodh glao oscailte ar iarratais ó eagraíochtaí óige ar mhian leo páirt a ghlacadh ann agus fuair CESE os cionn 100 iarratas. Na eagraíochtaí óige incháilithe, cuirfear ar an eolas go rialta iad faoi na tuairimí nua atá le teacht, agus iarrfar orthu obair a dhéanamh orthu. Is iad biúrónna na rannóg/biúró Choimisiún CCMI a dhéanfaidh an cinneadh deiridh cé na tuairimí a gcuirfear an measúnú tionchair i bhfeidhm orthu.

Maidir leis an modheolaíocht a ullmhú, ba mhór an chabhair don Ghrúpa Óige an taithí a fuarthas ó scéim phíolótach a chruthaigh go rímhaith. Roghnaigh gach ceann de rannóga CESE agus Coimisiún CCMI tuairim amháin agus d’éirigh leo 20 ionadaí de chuid na hóige a dhéanamh páirteach san obair. Bhí réimse éagsúil ábhar i gceist leis na tuairimí sin, idir an Seimeastar Eorpach agus cosaint an daonlathais.

Tá Grúpa Óige CESE ag dréim i gcónaí chun an bealach is fearr a aimsiú chun ról fiúntach a thabhairt d’eagraíochtaí na hóige. An chéad chéim eile ná an tionscnamh a chur i bhfeidhm, athbhreithniú rialta a dhéanamh air, agus feabhas a chur air i gcónaí.

Má theastaíonn tuilleadh eolas uait, féach an leathanach gréasáin EU Youth Test at the EESC, nó is féidir teagmháil a dhéanamh le rúnaíocht an Ghrúpa Óige ar youtheesc@eesc.europa.eu.

---




## AN T-AOI SPEISIALTA

Beidh ról thar a bheith tábhachtach ag daoine óga san Albáin chun an tír a thabhairt níos gaire don Aontas. Mar sin féin, is minic nach mbíonn na hacmhainní cuí ag gabháil lena dtoilteanas a bheith ina ngníomhairí don athrú agus lena ndíograis don Aontas, rud a chuirfeadh ar a gcumas páirt fhóinteach a ghlacadh i gcláir, i dtionscadail agus sa chinnteoireacht. Dar leis an **aoi speisialta, Dafina Peci**, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Chomhdháil Náisiúnta Óige na hAlbáine, is é an rud atá ag teastáil anois go ndéanfaí na páirtithe leasmhara a chomhordú ar bhealach uilechuimsitheach chun díriú ar dhaoine óga.

Ceapadh **Dafina Peci** ina stiúrthóir feidhmiúcháin ar Chomhdháil Náisiúnta Óige na hAlbáine in 2016, tar éis di a bheith ina huachtarán ar feadh dhá bhliain as a chéile. Ó 2017 i leith, tá Dafina ag múineadh freisin sa Roinn Eolaíochtaí Polaitiúla in Ollscoil Thiorána. Bhí sí ina comhalta den mheitheal chun an Oifig Réigiúnach um Chomhar na hÓige (RYCO) a bhunú, agus ina dhiaidh sin rinne sí ionadaíocht ar an Albáin ar Bhord Eolaire RYCO, chomh maith le bheith ina hionadaí óige ar an mBord Rialaithe. Tá céim bhaitsiléara aici sna hEolaíochtaí Polaitiúla agus sa Chaidreamh Idirnáisiúnta agus Máistreacht sna hEolaíochtaí sa Pholaitíocht Réigiúnach agus sa tSábháilteacht. Chomh maith leis sin, rinne sí speisialtóireacht iarchéime sa tSlándáil tar éis Coinbhleachta, sa Tógáil Síochána agus in Institiúidí Idirghabhála.

---




# BEALACH NA HALBÁINE CHUN BALLRAÍOCHTA SAN AONTAS: CAITHFEAR DUL I GCOMHAR LEIS AN ÓIGE AGUS LEIS AN TSOCHAÍ SHIBHIALTA

**Dafni Peci, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Chomhdháil Náisiúnta Óige na hAlbáine, a scríobh**

Ní hamháin san am atá le teacht ach san am i láthair freisin, is comhpháirtithe tábhachtacha iad na daoine óga. An treallús atá iontu, an tsamhlaíocht atá acu, agus a thiomanta a bhíonn siad do smaointe iontacha a thabhairt i gcrích, tá géarghá leis an méid sin má táthar chun an tsochaí a chur chun tosaigh. Déanann an teagmháil ghníomhach leis an óige luachanna an daonlathais, an dul chun cinn sóisialta agus an fás pearsanta a chur chun cinn. Tugann sí an-léargas do lucht déanta na gcinntí ar na fadhbanna ar ghá aghaidh a thabhairt orthu.

Tá an-fhonn ar dhaoine óga na hAlbáine an tír a lánpháirtiú san Aontas, ach ní chuirtear leis an bhfonn sin faisnéis ná eolas cuí ná bealach chun páirt a ghlacadh sa phróiseas.

D’fhéadfadh sé dul go mór chun tairbhe don Albáin a chur ar chumas na hóige páirt fhóinteach a ghlacadh sna cláir agus na tionscadail ábhartha. Chabhródh sé sin leis na hAlbánaigh óga a bhfuil ag teastáil uathu agus na rudaí is mó tábhacht dóibh a chur in iúl agus beart a dhéanamh chun na hathruithe ba mhian leo a dhéanamh.

Sa teagmháil leanúnach a dhéanann Comhdháil Náisiúnta Óige na hAlbáine leis an dream óg, díríodh go mór mór go dtí seo ar an bhfeasacht a mhúscailt faoin méid a athraíodh sa tsochaí a bhuí le gníomhaíochas na sochaí sibhialta agus rannpháirt na hóige. Má táthar chun cur le rannpháirt na ndaoine óga i bpróiseas lánpháirtiú na hAlbáine san Aontas, ní mór dianmhachnamh a dhéanamh ar ar foghlaimíodh san am atá thart, is é sin gur gá comhpháirtíochtaí láidre a thógáil a thugann tús áite don óige, gur gá acmhainn mhór na hóige a aithint agus infheistíocht a dhéanamh inti, agus an cur le chéile a chothú idir na geallsealbhóirí ábhartha go léir. Tá an méid sin ríthábhachtach, dar liom féin.

**Dul i gcomhar leis an dream óg agus an tsochaí shibhialta d’fhonn próiseas lánpháirtithe an Aontais a chur chun tosaigh san Albáin**

Ní hamháin gurb iad ár bpríomhfhoinse dhóchais iad, is iad na daoine óga is mó is sochair leis an athrú agus le brú chun tosaigh na hAlbáine, i dtreo todhchaí gheal amach anseo mar aon leis an lá inniu is fearr is féidir. Tá idir an chrógacht, na hidéil agus an neart tola acu a theastaíonn chun na coincheapa is mó dúshláin, fiú, a thabhairt i gcrích. Na déagóirí a ghlacann páirt ghníomhach sa tsochaí, ní hamháin go gcuirean siad lena bhforbairt phearsanta agus lena scileanna sóisialta féin ach is daonlathaí an tsochaí dá mbarr agus is iontach fóinteach an dearcadh a thugann siad do lucht déanta na gcinntí ar réimse saincheisteanna agus nósanna is gá a réiteach. Má thugtar cumhacht don aos óg agus an deis páirt fhóinteach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus cláir a thugann aghaidh ar a bhfuil ag teastáil uathu agus ar na cuspóirí atá acu, rachaidh sé go mór chun tairbhe don Albáin.

Ní hamháin gur ceann de bhunchearta an duine í an rannpháirtíocht ach is bealach praiticiúil í freisin chun an tsaoránacht ghníomhach don uile dhuine a chur chun cinn. Cé gur codanna riachtanacha den rannpháirtíocht sa daonlathas iad an vóta a chaitheamh agus seasamh i dtoghcháin, is mó ná sin a bhíonn i gceist le rannpháirtíocht na n-óg sa saol laethúil. I measc réamhriachtanais na saoránachta gníomhaí, tá an ceart agus na deiseanna páirt a ghlacadh sa tsochaí ach, de bhreis air sin, tá na hacmhainní, an spás, na huirlisí, agus, nuair is gá, an tacaíocht airgeadais a theastaíonn chun tionchar a imirt ar dhéanamh na gcinntí agus páirt a ghlacadh i mbearta agus gníomhaíochtaí a chuireann leis an tsochaí, a chothaíonn í agus a dhéanann níos athléimní í.

Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach líonraí na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta a leathnú amach d’fhonn spásanna breise a chur ar fáil chun daoine óga a dhéanamh rannpháirteach agus cumhacht a thabhairt dóibh. Beidh eagraíochtaí na sochaí sibhialta in ann teacht ar an gcleachtas is fearr, foghlaim óna chéile, eolas a roinnt agus smaointe nua a cheapadh ach obair a dhéanamh i gcomhar, líonraí a thógáil, agus cur le chéile a chothú. Lena chois sin, cuirfidh sé sin ar a gcumas leas a bhaint as cistiúchán breise san obair i gcomhar agus beartais agus cláir a chomhordú. Cuirtear le cumhacht na ndaoine óga trí bhíthin obair na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta, rud a chuireann le hionadaíocht agus rannpháirtíocht ghrúpaí na hóige sa tsochaí.

Ionas go mbeifear in ann cumas agus nuálaíocht na ndaoine óga a chur chun tairbhe do shochaí na hAlbáine tríd an mbealach a réiteach don fhás sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch, tá súil agam go gcuirfear an leathnú sin i gcrích agus go gcuirfidh sé sin borradh faoi ghníomhaíochas na hóige agus na sochaí sibhialta.

Tá neart oibre gan déanamh fós má táthar chun cur le rannpháirtíocht, ionadaíocht, agus ceannaireacht ghníomhach fhóinteach na ndaoine óga sa tsochaí. Mar chuid den obair sin, ba cheart spásanna a chruthú do na daoine óga agus a chur chun cinn dóibh inar féidir leo teacht ar fhaisnéis agus ar dheiseanna plé a dhéanamh agus eolas a roinnt le daoine eile dá n-aoisghrúpa, geallsealbhóirí eile, agus lucht déanta na gcinntí.




## CEIST AMHÁIN AR...

Ní íoctar beagnach leath na n-oiliúnaithe san Aontas Eorpach agus tá cuid mhaith díobh i mbun tréimhsí oiliúna 'bréagacha', is é sin le rá go n-úsáidtear iad mar lucht saothair ar bheagán costais ach gan rochtain acu ar chosaint shóisialta ná ar chearta eile. Cé gur díol sásaimh é an togra a tháinig ón gCoimisiún Eorpach le déanaí chun feabhas a chur ar cháilíocht na dtréimhsí oiliúna san Aontas, cáineadh é freisin ar an ábhar nár leor é. D’iarramar ar rapóirtéir na tuairime *Treoir maidir le tréimhsí oiliúna agus Creat Cáilíochta treisithe le haghaidh tréimhsí oiliúna*, **Nicoletta Merlo**, léamh CESE ar an togra ón gCoimisiún a roinnt linn mar aon le moltaí CESE faoi conas feabhas a chur ar cháilíocht na dtréimhsí oiliúna agus an chaoi lena áirithiú go mbeidh rochtain ag cách orthu agus ní ag daoine óga amháin a bhfuil sé d’acmhainn acu iad a dhéanamh.



# STOP A CHUR LE DÚSHAOTHRÚ NA N-OILIÚNAITHE

**le Nicoletta Merlo**

Is bealach iad na tréimhsí oiliúna do dhaoine óga chun dul i dtaithí ar shaol na hoibre, agus bealach le treoir agus oiliúint a fháil. Tá forbairt mhór tagtha ar na tréimhsí oiliúna ar fud na hEorpa, a bhuíochas sin le Clár Ráthaíochta na hEorpa le haghaidh an Aosa Óig i measc rudaí eile. Sa Mholadh ón gComhairle maidir le Creat Cáilíochta le haghaidh Cúrsaí Oiliúna (2014), tugadh treoirlínte luachmhara do na Ballstáit chun an ionstraim a chur chun feidhme.

Is trua a rá gur tharla mí-úsáid agus saobhadh le himeacht ama ar an gcaoi a dtugtar faoi chúrsaí oiliúna, agus tháinig méadú ar chásanna dúshaothraithe ar oiliúnaithe óga a úsáideadh chun oibrithe a ionadú, oiliúnaithe nár tugadh luach saothair dóibh agus iad gan coimirce a ndóthain agus gan cosaint shóisialta dá réir.

Ar an ábhar sin, tacaíonn CESE leis an aidhm atá ag an gCoimisiún Eorpachh is é sin feabhas a chur ar an gcreat cáilíochta le haghaidh cúrsaí oiliúna ar fud na hEorpa, go háirithe an t-ábhar foghlama agus oiliúna a neartú, sin idir mhí-úsáid na gcúrsaí oiliúna agus an drochíde a thugtar do na hoiliúnaithe a chomhrac.

Mar sin féin, ní thugann an dá thogra ón gCoimisiún aghaidh ach ar chuid de na saincheisteanna – an Moladh nuashonraithe ón gComhairle agus Treoir san áireamh – agus tá gnéithe díobh ann atá crosta go leor:

- tagraíonn siad gan idirdhealú do gach cineál tréimhse oiliúna, gan na difríochtaí atá ann faoi láthair idir na cineálacha éagsúla tréimhsí oiliúna gona gcuspóirí nó gona n-iarratais éagsúla sna Ballstáit a chur san áireamh go sásúil;
- ní fhoráiltear do na bearta is gá chun mí-úsáid na dtréimhsí oiliúna réamhtheachtacha a chosc, go díreach mar atá easpa rialacha ceangailteacha ann chun caighdeáin na cáilíochta a ardú;
- a mhéid a bhaineann leis an togra le haghaidh treorach, leis an raon feidhme srianta do na hoiliúnaithe a mheastar a bheith ina n-oibrithe nó atá i gcaidreamh fostaíochta — rud is amhlaidh i níos lú ná leath de na Ballstáit — cuirtear teorainn le raon na dtairbhithe agus tá an baol ann nach mbainfear amach na torthaí a bhfuil súil leo.


Is éard is dóigh liom fein, chun cáilíocht na gcúrsaí oiliúna a fheabhsú, ba cheart, ar an gcéad dul síos, na híoschritéir cháilíochta a shocrú do gach cineál cúrsa oiliúna, rud a chuirfeadh teorainn lena n-úsáid go réamhtheachtach. Ba cheart go soláthródh na critéir sin coimircí bunúsacha agus béim láidir ar oiliúint chomh maith le gealltanais chun cur i gcoinne gach cás mí-úsáide le bearta iomchuí, lena n-áirítear neartú an chórais cigireachta.

Rud eile; ionas go mbeidh rochtain ag cách ar an tréimhse oiliúna, cé nach féidir linn labhairt go ginearálta ar phá ós rud é nach meastar gur oibrithe iad na hoiliúnaithe i bhformhór na gcásanna agus ós amhlaidh a mheastar go bhfuil an tréimhse oiliúna lasmuigh den chomhthéacs fostaíochta den chuid is mó, ba thábhachtach deireadh a chur le tréimhsí oiliúna gan íocaíocht trí liúntas éigeantach nach ndéantar paraiméadarú air ach amháin ar bhonn na gcúraimí agus na bhfreagrachtaí atá i gceist leis an tréimhse oiliúna, ach liúntas ina gcuirtear san áireamh freisin aon speansas a thabhaíonn na oiliúnaithe chun an taithí sin a fháil.

Agus an focal scoir: ba cheart aird bhreise a thabhairt ar an ról a d’fhéadfadh a bheith ag na comhpháirtithe sóisialta i gcur chun feidhme an rialacháin ar an leibhéal náisiúnta agus san fhaireachán agus sa rialú ar

úsáid na hionstraime.

# NEW PUBLICATIONS




## [Bróisiúr á fhoilsiú ag CESE faoina chuid gníomhaíochtaí le linn Uachtaránacht na hUngáire ar an gComhairle]

An 1 Iúil, chuir an Ungáir tús lena tréimhse i mbun Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus beidh ról thar a bheith tábhachtach aici agus í ag stiúradh na hEorpa.

Tá athnuachan pholaitiúil ar bun sa tréimhse seo tar éis na dtoghchán Eorpach, agus tá sé beartaithe ag CESE a bheith ina chomhpháirtí stuama ag Uachtaránacht na hUngáire, agus ról lárnach a imirt chun roinnt de na tosaíochtaí polaitiúla a mhúnlú le linn an téarma pharlaimintigh atá romhainn.

Tá sé iarrtha ag Uachtaránacht na hUngáire ar an gCoiste suas le 10 dtústuairim a ullmhú di. Tá tuilleadh eolais faoi na gníomhaíochtaí sin le léamh in[ár mbróisiúr nua]; tá cur síos ann freisin ar chomhaltaí na hUngáire in CESE agus ar na heagraíochtaí as a dtagann siad. (cw)

# EESC NEWS



## [Léargas ar an óige san Aontas Eorpach: tá an tionscnamh ceannródaíoch de chuid CESE, Measúnú tionchair an Aontais ó thaobh na hóige de, ag dul ó neart go neart]

**Leag CESE béim ar an tábhacht a bhaineann le dearcthaí na hóige a ionchorprú i mbeartais an Aontais, agus tathantaíonn sé ar eagraíochtaí óige páirt a ghlacadh i Measúnú tionchair an Aontais ó thaobh na hóige de, tionscnamh arb é is aidhm dó guthanna daoine óga a mhéadú i gceapadh beartais.**

Sa ghlao ar iarratais a rinne CESE le déanaí, d’iarr sé ar eagraíochtaí óige iarratas a dhéanamh chun páirt a ghlacadh i dtionscnamh de chuid CESE, Measúnú tionchair ó thaobh na hóige de, agus is é an 30 Meitheamh 2024 an sprioc-am atá leis sin. Sainaithneoidh eagraíochtaí roghnaithe na tuairimí sin ó CESE ar mian leo tionchar a imirt orthu, glacfaidh siad páirt i gcruinnithe agus in éisteachtaí agus cuirfidh siad aighneachtaí i scríbhinn ar fáil. Ní mór d'eagraíochtaí incháilithe a bheith bunaithe go daonlathach, prionsabail an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine a chomhlíonadh, agus gníomhaíochtaí nó comhlachtaí cinnteoireachta atá faoi stiúir daoine óga a bheith acu.

Le bliain anuas, chuir CESE tús leis an tástáil sin ar bhonn píolótach, rud a chuir ar chumas ionadaithe óige ar fud na hEorpa cur leis an bplé ar shaincheisteanna suntasacha, amhail an daonlathas, an comhbheartas talmhaíochta, agus rannpháirtíocht daoine óga ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe. Mar thoradh ar rath a bhí ar an treoirthionscadal sin, cinneadh chun uirlis bhuan a dhéanamh de, agus tá CESE ag iarraidh ar institiúidí eile an Aontais bearta comhchosúla a ghlacadh.

Le linn díospóireacht iomlánach a reáchtáladh le déanaí, chuir ionadaithe óige in iúl go raibh siad sásta leis an tionscnamh, rud a áirithíonn go mbeidh sí rannpháirteach i nithe seachas siúd atá dírithe ar an óige go traidisiúnta, amhail an ghéarchéim aeráide.

Leag Uachtarán CESE, **Oliver Röpke**, béim ar an tionscnamh mar phríomhthiomantas polaitiúil, agus tharraing sé aird ar an ngá atá le rannpháirtíocht leanúnach na hóige i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais. Thug sé dá aire nár cheart gurb iad toghcháin an t-aon deis amháin atá ann chun cluas éisteachta a thabhairt do ghuthanna na hóige, agus go gcinnteofaí leis an Measúnú tionchair ó thaobh na hóige de go mbeadh ionchur rialta acu i mbeartais an Aontais.

Labhair **Katrīna Leitāne**, cathaoirleach Ghrúpa Óige ad hoc CESE, faoin dul chun cinn atá déanta maidir le guthanna na hóige a chomhtháthú i gcinnteoireacht an Aontais, agus thug sí dá haire gur doiciméad beo é an Measúnú tionchair ó thaobh na hóige de agus go dtiocfaidh forbairt air de réir a chéile leis an taithí a bhfaighimid. Mhol **Elias Dray**, Leas-Uachtarán Fhóram Eorpach na nÓg, CESE as a cheannaireacht agus mhol sé d’eagraíochtaí óige páirt a ghlacadh sa tionscnamh, rud a áiritheoidh go múnlóidh dearcthaí na hóige tuairimí CESE sa todhchaí.

Ghlac Aire Óige agus Leanaí na hAlbáine, **Bora Muzhaqi**, páirt i seisiún iomlánach CESE freisin. Tá an Albáin ag iarraidh a bheith ina samhail i réimse bheartas na hóige, ag léiriú an luach a bhaineann le daoine a bheith in oifig a dhíríonn ar shaincheisteanna na hóige amháin. ‘Creidim go láidir go bhfuilimid ag ullmhú ár ndaoine óga don todhchaí leis an obair atá idir lámha againn inniu leis an óige agus ar son na hóige ... táimid ag cumhachtú dóibh a bheith mar cheannairí an lae inniu chun a chinntiú go bhfaighidh siad pláinéad atá inbhuanaithe agus éagsúil ó thaobh na héiceolaíochta de.’

Tá caidreamh oibre den scoth ag CESE leis an Albáin, rud a léiríonn an ról lárnach atá ag an gcomhpháirtíocht thrasnáisiúnta maidir le rannpháirtíocht na hóige a chur chun cinn ar gach leibhéal rialachais.

Tá CESE tiomanta don tionscnamh sin ó mhí Mheán Fómhair 2022, tráth a ghlac sé tuairim maidir le Measúnú tionchair an Aontais ó thaobh na hóige de. Léirítear le hiarrachtaí leanúnacha CESE, lena n-áirítear an t-imeacht bliantúil ‘Leatsa an Eoraip, Abair Leat!’, a thiomanta atá sé d’fheabhas a chur ar rannpháirtíocht na hóige i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais.

Tá moltaí ó imeacht na bliana seo, a tionóladh i mí an Mhárta 2024, dírithe ar na chéad cheannairí eile de chuid an Aontais agus tá siad ar fáil ar líne. (ks)

---




## Ag gníomhú le chéile i gcoinne an fhuatha: geallann muintir na hEorpa cur i gcoinne an fhuatha atá ag scaipeadh ar fud na hEorpa

**Agus ardú scanrúil ag teacht ar an bhfuathchaint agus ar an bhfuathchoireacht, tá an tsochaí shibhialta, na saoránaigh agus na hinstitiúidí ag teacht le chéile agus ag cur dlús leis an ngníomhaíocht i gcoinne gach cineál fuatha chun a chur in iúl nach nglacfar leis an bhfuath san Aontas Eorpach.**

Tá páirt á glacadh ag CESE in iarrachtaí an Aontais chun srian a chur leis an bhfuath san Aontas atá ag ardú go tobann, rud ar cúis mhór imní é. Táthar ag díriú níos mó agus níos mó ar ghrúpaí agus ar dhaoine aonair mar gheall ar a gcreideamh, a mbunadh ciníoch nó eitneach, a n-inscne, a ngnéaschlaonadh nó a gcreideamh polaitiúil.

Tá CESE, in éineacht leis na saoránaigh agus leis na hinstitiúidí, tiomanta níos mó a dhéanamh le cur in éadan an fhuatha ar líne agus as líne. Chuir CESE an méid sin in iúl le linn díospóireacht ardleibhéil ag an seisiún iomlánach a bhí aige i mí na Bealtaine, inar ghlac sé an tuairim *Ní ghlacfar leis an bhfuath: Eoraip le chéile i gcoinne an fhuatha*, ina gcáintear gach cineál fuatha agus ina moltar an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an ábhar céanna.

‘Tá sé de chúram orainn go léir cur i gcoinne an fhuatha’, a dúirt Uachtarán CESE, **Oliver Röpke**, agus tús á chur aige leis an díospóireacht ag seisiún iomlánach CESE. Chun dul i ngleic leis go héifeachtach, ní mór dúinn ar fad oibriú le chéile – na polaiteoirí, an tsochaí shibhialta agus na saoránaigh. Trí ghníomhú le chéile agus trí idirphlé a chothú, agus sin amháin, is féidir linn an lámh in uachtar a fháil agus dul i ngleic leis an naimhdeas atá ag ardú sa tsochaí, ar fíorbhagairt é ar an daonlathas.’

Thug an díospóireacht príomhoifigigh rialtais an Choimisiúin Eorpaigh agus na Beilge, agus ionadaithe na saoránach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta le chéile (lena n-áirítear ILGA-Europe agus an Líonra Eorpach i gcoinne an Chiníochais (ENAR)), a leag béim ar an méadú ar an bhfuath agus ar an bhforéigean.

I ngeall ar na hionsaithe a rinneadh le déanaí ar pholaiteoirí, tugadh chun solais go bhfuil deighiltí doimhne ann laistigh de shochaí na hEorpa. Léirítear sna figiúirí gur tháinig méadú faoi dhó ar theachtaireachtaí ioslamafóibe agus frithsheimíteacha in 2023. Is ar dhaoine LGBTQIA+, ar dhaoine de bhunús na hAfraice agus ar imircigh a dhírítear den chuid is mó. Tá an fuath ban ag tarlú ar ráta ard freisin. Léirítear in anailís a

rinneadh le déanaí ar theachtaireachtaí ar líne san Aontas go bhfuil méadú 30 % tagtha ar thocsaineacht an fhuatha ó thús 2023.

Is glao ar ghníomhaíocht í an Teachtaireacht ón gCoimisiún *Ní ghlacfar leis an bhfuath: Eoraip le chéile i gcoinne an fhuatha*, chun seasamh i gcoinne an fhuatha agus chun labhairt amach ar son na caoinfhulaingthe agus na hurraime.

‘Is léir go gcuireann na luachanna a leagtar amach i gConradh an Aontais Eorpaigh cosc ar an bhfuathchoireacht agus ar an bhfuathchaint. Ar an drochuair, tá méadú tagtha ar an dá ghné sin le déanaí’, a dúirt Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh um Dhaonlathas agus um Dhéimeagrafaíocht **Dubravka Šuica**.

Sa tuairim uaidh, d’iarr CESE ar an Aontas cur chuige cuimsitheach a ghlacadh chun dul i ngleic leis an bhfuath atá bunaithe ar aon saintréithe daonna atá faoi chosaint, agus leas a bhaint as an gcur chuige céanna chun dul i ngleic le ‘gach cineál fuatha’. (ll)

---



## Scéal an ratha ó 2004 a úsáid mar threoir agus sinn ag breathnú chun tosaigh chuig méadú eile ar an Aontas

**Ag an seisiún iomlánach a bhí ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) i mí na Bealtaine, pléadh an méid a foghlaimíodh ó mhéadú an Aontais in 2004. I bhfianaise na gcúinsí reatha geopholaitiúla agus slándála atá ann, is práinní fós don Eoraip méadú eile a dhéanamh.**

Ag an díospóireacht iomlánach a bhí ag CESE faoin méadú mór a bhí ann in 2004, bhí áthas ar CESE cloisteáil ó roinnt daoine a raibh ról suntasach acu sa phróiseas caibidlíochta. Ina measc sin, bhí **Jarosław Pietras**, iar-Státrúnaí de chuid na Polainne a raibh Aontachas leis an Aontas Eorpach de chúram air, **László Andor** ón Ungáir, arb é is Ardrúnaí na Fondúireachta um an Staidéar Forásach Eorpach, agus **Štefan Füle** ón tSeicia, arb é is iarChoimisinéir um Méadú agus Cathaoirleach an Tascfhórsa um Méadú an Aontais.

Le linn an phlé, chuir na rannpháirtithe i bhfios go láidir gur gá don Aontas – nach le fada a bhfuil méadú curtha ar ais ar an gclár oibre aige – treochlár soiléir i dtreo aontachais a leagan síos do na tíortha is iarrthóirí. Tá an baol ann, má fhágtar ar leac an dorais ar feadh i bhfad eile iad, nach mbeidh an próiseas um méadú creidiúnach a thuilleadh.

Seo mar a labhair **Oliver Röpke**, Uachtarán CESE: ‘Ní hamháin gur cloch mhíle shuntasach an ceiliúradh seo 20 bliain, ach léiríonn sé freisin go mbíonn toradh fós ar phróiseas méadaithe an Aontais, agus níos mó tíortha ann ag iarraidh teacht isteach’.

Seo a bhí le rá ag an **Uasal Pietras**: ‘Is próiseas claochlaithe dhá threo é an méadú, próiseas a ngabhann buntáistí leis ní hamháin do na tíortha is iarrthóirí, ach do Bhallstáit an Aontais chomh maith’.

Chuir an **tUasal Füle** i bhfáth, ar cathaoirleach anois é ar an Tascfhorsa um Méadú an Aontais in Ionad Beartais na hEorpa, ‘gur gá dúinn na tíortha is iarrthóirí agus Ballstáit an Aontais araon a ullmhú do rabharta nua méaduithe’.

Labhair an **Dr Tinatin Akhvlediani**, comhalta taighde den Aonad um Beartas Eachtrach an Aontais Eorpaigh, an Lárionad don Staidéar ar Bheartas na hEorpa (CEPS), faoi phríomhspreagadh an mhéadaithe in 2004. Leag sé béim go háirithe ar na príomhghnéithe eacnamaíocha a bhaineann le méadú, á chur san áireamh nach raibh cúinsí airgeadais na dtíortha is iarrthóirí ag an am sin thar mholadh beirte. Mar sin féin, sa lá atá inniu ann, is ar chúiseanna slándála is mó is gá méadú a dhéanamh.

Dar leis an **Uasal Andor**, bhí an smacht reachta ar cheann de na laigí is mó a bhain leis an méadú in 2004, toisc nár éirigh leis an Aontas na huirlisí cearta a chruthú chun aghaidh a thabhairt air sin. Is mar gheall air sin a rinneadh coinníollacht an smachta reachta a chruthú le deireanas.

I mí Mheán Fómhair, beidh Seisiún Iomlánach na Sochaí Sibhialta maidir le Méadú ann in CESE. Tá iarrtha ag CESE, den chéad uair riamh, ar gach comhalta as na tíortha is iarrthóirí páirt a ghlacadh sa Seisiún Iomlánach sin.

---



## Tá beartas comhtháthaithe láidir agus cuimsitheach ríthábhachtach chun go n-éireoidh go maith le méadú an Aontais

**Ghlac CESE dhá thuairim ag an seisiún iomlánach a bhí aige i mí na Bealtaine agus leagadh béim iontu ar an ról lárnach a ghabhann leis an mbeartas comhtháthaithe – an ionstraim chistiúcháin is tábhachtaí atá ag an Aontas don fhorbairt réigiúnach – i méaduithe a dhéanfar sa todhchaí. I measc nithe eile, d’iarr CESE go mbeadh uirlisí comhlíontachta san áireamh sna conarthaí aontachais d’fhonn aghaidh a thabhairt ar dhúsháin iaraontachais a d’fhéadfadh a bheith ann, cuir i gcás, an eisimirce agus ábhair imní maidir leis an smacht reachta.**

Sa tsraith nua moltaí uaidh, leag CESE béim ar a thábhachtaí atá sé eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) a chomtháthú agus a chumhachtú chun na cistí comhtháthaithe a úsáid ar bhealach éifeachtach. Déantar an rath atá ar an mbeartas comhtháthaithe a thomhas de réir torthaí críochacha agus sóisialta, ní de réir infheistíochtaí eacnamaíocha amháin. Tá sé ríthábhachtach cumais riaracháin phoiblí a neartú chun an comhtháthú a bhaint amach.

Sa phlé iomlánach leis an gCoimisinéir um Chomhtháthú agus um Athchóiriúcháin, **Elisa Ferreira**, agus le hUachtarán Choiste Eorpach na Réigiún (CnaR), **Vasco Alves Cordeiro**, leagadh béim ar a thábhachtaí atá an chabhair réamhaontachais agus cumhacht a thabhairt do ESSanna.

Leag Uachtarán CESE, **Oliver Röpke**, agus cainteoirí eile, béim ar an ngá atá le beartas láidir comhtháthaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhéadaithe an Aontais agus a áirithiú nach mbeadh an tAontas ilroinnte. Tá sé ríthábhachtach cabhair a chur in oiriúint do na réigiúin is iarrthóirí ar mhaithe leis

an tsíocháin agus leis an rathúnas, le príomh-mholtaí lena n-áirítear an t-oideachas a neartú, ról a thabhairt do ESSanna, agus sásraí speisialta a úsáid do thíortha amhail an Úcráin.

Thug CESE dá aire freisin an tionchar níos leithne a ghabhann leis an méadú ar na Ballstáit atá ann faoi láthair, agus leag sé béim ar an ngá atá le cistí breise do na réigiúin a ndéantar difear dóibh. Iarrtar sa 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú go gcuirfí an chabhairt in oiriúint do na dúshláin nua trí infheistíocht a dhéanamh in FBManna, trí riaracháin áitiúla a fheabhsú, agus trí thacú le rochtain chothrom ar fhostaíocht. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an beartas comhtháthaithe dinimiciúil chun acmhainneacht eacnamaíoch an Aontais a scaoileadh agus chun comhtháthú éifeachtach na mBallstát nua a áirithiú (tk).

---



## Ní mór tús áite a thabhairt do mhíochaine núicléach chun an ailse a shárú

**Ní mór don Aontas Eorpach tús áite a thabhairt do mhíochaine núicléach agus do sholáthar raidiseatóp má táthar chun rochtain chomhionann ar chóireáil ailse a áirithiú don uile othar san Eoraip.**

Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh cistiú ar fáil le haghaidh teicneolaíochtaí leighis, raideolaíocha agus núicléacha. San am céanna, ba cheart dóibh dlús a chur leis an gcomhar eatarthu chun deireadh a chur le bacainní rialála ar sholáthar raidiseatóp agus chun a spleáchas ar thríú tíortha maidir le hamhábhair a laghdú.

Chuige sin, leagtar béim sa tuairim ó CESE a glacadh ag seisiún iomlánach mhí na Bealtaine, *Plean Sáraithe Ailse na hEorpa: Treochtaí spreagtha le haghaidh shlándáil an tsoláthair raidiseatóp míochaine*, ar an ngá atá ann gach iarracht a dhéanamh sa chomhrac i gcoinne na hailse.

Tá rapóirtéirí na tuairime, **Alena Mastantuono** agus **Philippe Charry**, go mór den bharúil nach mbeimid in ann soláthar raidiseatóp níos daingne a áirithiú san Eoraip ná freastal ar éileamh méadaitheach na n-othar ach amháin má dhéanaimid cinntí misniúla polaitiúla agus má tá rialáil fhónta ann.

Gach bliain, téann suas le 10 milliún othar san Aontas Eorpach i muinín íomháú leighis núicléach chun galair atá orthu a dhiagnóisiú, cuir i gcás ailse nó galar croí. Tá na teicneolaíochtaí raideolaíocha agus núicléacha ina n-úsáidtear raidiseatóip ríthábhachtach sa chomhrac i gcoinne na hailse ag gach céim den chúram, mar atá an luathbhrath, an diagnóis, an chóireáil agus an cúram maolaitheach. (mp)

---



## An ailse a chloí leis an vacsaíniú

**Agus ardú scanrúil ag teacht ar líon na gcásanna ailse agus na mbásanna a raibh baint ag an ailse leo ar fud an Aontais, éilíonn Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) bearta coiscthe ailse a bhfuil géarghá leo, ó meastar gur féidir tuairim is 40 % de na cásanna ailse a chosc.**

I seisiún iomlánach mhí na Bealtaine, ghlac CESE tuairim a chuir fáilte roimh an togra ón gCoimisiún le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le hailsí inchoiscthe trí vacsaíniú mar thionscnamh leantach ar Phlean Sáraithe Ailse an Aontais.

Díríodh sa tuairim ar an vacsaíniú in aghaidh an phapalómaivíris dhaonna (HPV) agus heipitíteas B (HPV), ós rud é go bhféadfadh an vacsaíniú cosc a chur ar chineálacha éagsúla ailse arb iad na víris sin is cúis leo.

Cuireann CESE i bhfáth go bhfuil gá le faisnéis, oideachas, agus cumarsáid chuí a spreagfadh na spriocghrúpaí chun vacsaínithe. Leagann sé béim freisin ar ról tábhachtach na ndochtúirí ginearálta, na ndochtúirí teaghlaigh, na lianna scoile, agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta san iarracht seo.

Bhí an méid a leanas le rá ag **Milena Angelova**, a bhí ina rapóirtéir don tuairim *Ailsí inchoiscthe trí vacsaíniú*: ‘Ní mór dúinn cur i gcoinne an stiogma agus na míthuiscintí a bhaineann leis na vacsaíní. Ceann de na míthuiscintí, cuir i gcás, ná gur do na cailíní óga amháin an vacsaíniú. Níl sé sin fíor, áfach. Má táthar chun deireadh a chur leis na víris seo (HPV agus HBV), ní mór dúinn na buachaillí agus na tuismitheoirí a thabhairt linn freisin’. Is gá go mbeadh teacht ag gach duine ar na vacsaíní.

Tá sé an-tábhachtach ‘dul chun cinn an amhrais a iompú droim ar ais’, arsa an comhrapóirtéir **Sára Felszeghi**. An mhífhaisnéis agus an bhréagaisnéis a chomhrac, is cuid lárnach é sin de chur chun cinn an vacsínithe i measc na ndaoine.

Éilíonn CESE cur chuige cuimsitheach d’fhonn an ailse a chloí, maille le córas comhtháite a d’fheidhmeodh gan tuisliú don chosc den uile chineál, lena n-áirítear an cosc príomhúil (an vacsaíniú, nósanna maireachtáila folláine), an cosc tánaisteach (an scagthástáil), agus an cosc treasach (an cúram agus an t-athshlánú).

Chuir an comhalta **Angelova** in iúl an athuair gur gá do na Ballstáit a thuilleadh comhordaithe a dhéanamh agus an dea-chleachtas a roinnt chun an comhrac i gcoinne na hailse a dhéanamh níos éifeachtaí agus an vacsaíniú a chur chun cinn ar fud an Aontais. Tá sé thar a bheith tábhachtach cosc na hailse a bheith ina thosaíocht pholaitiúil. (sg)

---




## Sprioc aeráide 2040 an Aontais: an bealach á réiteach le haghaidh na haeráidneodrachta in 2050

**Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach sprioc a leagan síos chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 90 % faoi 2040**

**agus an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) a bheannacht don sprioc sin le linn an tseisiúin iomlánaigh a bhí aige i mí na Bealtaine, nuair a chuir sé i bhfáth go bhfuil na spriocanna ag teacht le moltaí lucht eolaíochta gan ligean don téamh domhanda ardú níos mó ná 1.5 céim Celsius.**

A bhuí leis an tacaíocht atá á tairiscint ag CESE, tá aird á díriú aige ar a thábhachtaí atá sé rannchuidiú go cothrom leis na hiarrachtaí ar mhaithe leis an aeráid dhomhanda agus, ag an am céanna, iomaíochas thionscail na hEorpa a áirithiú le linn an aistrithe go geilleagar ísealcharbóin. Leag **Teppo Säkkinen**, rapóirtéir na tuairime *Sprioc aeráide 2040 an Aontais*, béim ar an ngá atá le córas leictreachais saor ó charbón a bheith ann faoi 2040 le go bhféadfar dícharbónú na tionsclaíochta, an iompair agus na bhfoirgneamh a chumhachtú, agus mhol sé laghdú a dhéanamh dáiríre ar na hastaíochtaí trí dheireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise.

Thug CESE fainic i gcoinne an róspleáchais ar an aistriú carbóin, de thoradh rioscaí ar nós dóiteáin foraoise agus lotnaidí, agus mhol sé leas a bhaint as cur chuige cothrom idir astaíochtaí a laghdú agus carbón a aistriú. Sa chéad chéim eile de bheartas aeráide an Aontais, ba cheart díriú ar infheistíocht, ar gheilleagar láidir a chruthú, ar an tslándáil fuinnimh a fheabhsú agus ar phoist ardcháilíochta a chruthú. Chuige sin, is gá sprioc 2030 a bhaint amach, is é sin laghdú 55 % ar astaíochtaí, agus an reachtaíocht ‘Oiriúnach do 55’ a chur chun feidhme.

Tá súil ag CESE go mbeidh earnáil giniúna cumhachta saor ó charbón ann faoi 2040, agus téamh agus fuarú dícharbónaithe a thabhairt isteach ina dhiaidh sin. Tá fuinneamh glan inacmhainne ríthábhachtach chun an tionsclaíocht, na foirgnimh agus an t-iompar a dhícharbónú.

Mhol CESE freisin sprioc maidir le hastaíochtaí a laghdú san earnáil agraibhia trí phlé a dhéanamh leis na feirmeoirí agus na geallsealbhóirí chun slándáil an tsoláthair bia a chinntiú, agus na dálaí nádúrtha éagsúla ar fud an Aontais á gcur san áireamh.

Tá an tacaíocht phoiblí agus rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ríthábhachtach chun sprioc 2040 a bhaint amach. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh go mbeadh idirphlé leathan ann, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, an tsochaí shibhialta agus na saoránaigh, maidir le spriocanna a leagan síos agus beartais a fhorbairt.

Tá an tAontas i mbun ullmhúcháin ar thogra reachtach maidir le sprioc 2040; meabhraíonn CESE, dá bhrí sin, nach mór seiceáil chuimsitheach a dhéanamh ar an iomaíochas i gcomparáid le mórgheilleagair eile d’fhonn iomaíochas domhanda agus bonn tionsclaíoch na hEorpa a chosaint, sin agus ardchaighdeáin chomhshaoil agus shóisialta a chomhlíonadh freisin. (ks)

---




### Próiseas méadaithe an Aontais a choinneáil faoi lánseol: iarracht na sochaí sibhialta tairbhe a dhéanamh do na Balcáin Thiar trí bhíthin an lánpháirtithe de réir a chéile

**20 bliain ó tháinig an tSlóivéin isteach san Aontas, rinne Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) ceannairí polaitiúla agus ceannairí de chuid na sochaí sibhialta a thabhairt le chéile in Liúibleána leis an ócáid stairiúil a cheiliúradh, le béim a leagan ar bhuntáistí bunúsacha na ballraíochta san Aontas, agus lena dhearbhú an athuair gur san Aontas Eorpach a bheidh todhchaí na mBalcán Thiar.**

I rith na comhdhála '[Dea-scéal mhéadú an Aontais a choinneáil ar bun – Tairbhe a dhéanamh do na Balcáin Thiar in oirchill an aontachais]', a d'eagraigh CESE i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus craobh na mBalcán Thiar de Open Society Foundation, tarraingíodh aird ar na hathchóirithe a theastaíonn chun dul chun cinn a dhéanamh ar bhealach an aontachais, lena n-áirítear an tábhacht a bhaineann le bunluachanna an Aontais a chur chun cinn.

I measc chainteoirí na comhdhála, bhí an tUachtarán **Oliver Röpke**, Aire Gnóthaí Eachtracha na Slóivéine **Tanja Fajon**, Aire Saothair na Slóivéine **Luka Mesec**, agus Ardrúnaí na Comhairle um Chomhar Réigiúnach **Majlinda Bregu**.

Chuir Uachtarán CESE **Oliver Röpke** i bhfáth gur ina gcuid den Aontas ba cheart do na Balcáin Thiar a bheith agus nach mbeidh an tAontas ina theaghlach Eorpach iomlán go mbeidh siad ann. Dúirt sé go ndéanfadh CESE a chion den obair trí Chruinniú Mullaigh na Sochaí Sibhialta maidir leis an Méadú a reáchtáil i mí Mheán Fómhair.

Dúirt **Tanja Fajon**, Aire Gnóthaí Eachtracha na Slóivéine, an méid a leanas: 'I gcomhthéacs geopholaitiúil an lae inniu, creidim go dteastaíonn muid óna chéile níos mó ná riamh. Ar son an phróisis seo, ní mór don tsochaí shibhialta brú a chur ar lucht na polaitíochta agus ar na rialtais na tíortha a thabhairt níos cóngaraí don Aontas.'

Bhí an méid a leanas le rá ag **Luka Mesec**, Aire Saothair, Gnóthaí Sóisialta, agus Comhdheiseanna na Slóivéine: 'Is fada stair choiteann na Slóivéine agus na mBalcán Thiar. Is é an tAontas Eorpach an baile coiteann atá againn agus, dá bhrí sin, beidh mise obair le Rialtas na Slóivéine chun aontachas thíortha na mBalcán Thiar leis an Aontas a éascú'. (mt)

---



## [Tá clár um malartú le Comhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta Náisiúnta ar fud an Aontais seolta ag CESE]

**Tá clár nua seolta ag CESE chun a chaidreamh leis na Comhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta Náisiúnta a fhorbairt a thuilleadh. Is é an aidhm atá ann plé a dhéanamh ar bhonn rialta maidir le hábhair tosaíochta, le tuairimí agus tuarascálacha atá beartaithe agus le dea-chleachtais.**

Eagraíodh an chéad sheisiún plé sa Fhrainc i mí an Mhárta. Thug **Katrīna Leitāne, Uachtarán an Ghrúpa Óige in CESE,** cuairt ar Chomhairle Eacnamaíoch, Shóisialta agus Comhshaoil na Fraince thar dhá lá chun barúlacha a mhalartú maidir le beartais don óige. Cén toradh a bhí air sin? Thángthas ar smaointe nua chun an clár oibre don óige a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, ionchais na hóige a thabhairt isteach i ngníomhaíochtaí CESE agus bualadh le comhghleacaithe nua a bhíonn ag plé leis an ábhar seo i mBallstáit eile.

San fhíseán seo, roinneann Katrīna Leitāne a cuid barúlacha faoin gcuairt oibre agus faoi na malartuithe tairbheacha a bhí aici le Comhairle Eacnamaíoch, Shóisialta agus Comhshaoil na Fraince.

Féach ár leathanach gréasáin má tá tuilleadh eolais uait maidir leis an gclár um malartú.

Is féidir aon eolas breise a fháil ach teagmháil a dhéanamh le Rúnaíocht an Aonaid um Chaidreamh le Comhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta Náisiúnta agus leis an tSochaí Shibhialta (EESC-ESCS-relations@eesc.europa.eu).

# NEWS FROM THE GROUPS




## Toghcháin AE 2024: Tá na torthaí istigh agus is mithid anois clár oibre straitéiseach a sheoladh a bheidh i bhfeiliúint don todhchaí

**Le Stefano Mallia, Cathaoirleach Ghrúpa na bhFostóirí i gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

Tá deireadh ráite faoi thoghcháin an Aontais anois agus is léir go bhfuil athruithe réabhlóideacha ag bagairt orainn. Chuir bua na gCaomhach stop le tonn taoide na bpáirtithe atá i bhfad amach ar an eite dheis. Mar sin féin, cé gur sheas na páirtithe ar dheis ón lár a bhfód, ní féidir linn neamhaird a dhéanamh de go mbeidh lucht na heite deise níos cumhachtaí i bParlaimint nua na hEorpa, rud a fhágann go mbeidh sé níos casta amach anseo príomhcheisteanna a réiteach le vótaí. Tugadh blaiseadh beag de sin dúinn anuraidh nuair ba bheag nár éirigh le PPE tromlach na heite deise a bhailiú chun cosc a chur ar an dlí um athbhunú dúlra.

An rud is tábhachtaí ó thaobh an ghnó de is ea go n-áiritheofar dul chun cinn sa bheartas tionsclaíoch agus sa tslándáil eacnamaíoch, go háirithe a mhéid a bhaineann le teicneolaíocht, amhábhair chriticiúla, leathsheoltóirí, feithiclí leictreacha, athléimneacht eacnamaíoch agus iomaíochas foriomlán. Tá sé ríthábhachtach an margadh aonair a neartú agus borradh a chur faoin infheistíocht phríobháideach trí bhíthin fhíoraontas na margaí caipitil. An mbeidh an Pharlaimint nua seo in inmhe an cúram a chomhlíonadh?

Níl aon dul as againn ach dul san iomaíocht le cumhachtaí domhanda ar nós na Síne agus na Stát Aontaithe.

In 2008, bhí olltáirgeacht intíre an limistéir euro ($ 14.2 trilliún nó € 13.1 trilliún i bpraghsanna reatha) inchomporáide le holltáirgeacht intíre na Stát Aontaithe ($ 14.8 trilliún nó € 13.6 trilliún i bpraghsanna reatha). Cúig bliana déag ina dhiaidh sin áfach, tá olltáirgeacht intíre an limistéir euro díreach os cionn $ 15 thrilliún fad agus atá olltáirgeacht intíre na Stát Aontaithe méadaithe go $ 26.9 trilliún. Dá mba rud é go raibh an ráta fáis táirgiúlachta céanna ag na cúig gheilleagar is mó san Eoraip – an Ghearmáin, an Ríocht Aontaithe, an Fhrainc, an Iodáil agus an Spáinn – agus a bhí ag na Stáit Aontaithe idir 1997 agus 2022,

bheadh olltáirgeacht intíre na dtíortha sin beagnach $ 13,000 (nó € 12,000) níos airde *per capita* ar an meán a mhéid a bhaineann le paireacht cumhachta ceannaigh. Baineann tábhacht ar leith leis na huimhreacha sin.

Le blianta beaga anuas, agus comhardú dearfach trádála á léiriú ag an Aontas, níor léir do roinnt mhaith daoine go raibh iomaíochas an Aontais i mbaol. Bhí muinín againn go raibh cothrom iomaíochta ann ar fud an domhain agus bhí muinín againn as an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, mar gur mheasamar gurbh é an dála céanna é áiteanna eile ar domhan. Tá an domhan ag athrú go han-tapa anois, áfach, agus ní mór don Aontas a dhícheall a dhéanamh agus freagairt go tapa do na glaonna múscailte sin ar fad a ndearna sé neamhaird orthu go dtí seo. Tá súil againn go rachaidh an Pharlaimint seo i ngleic leis an gcúram agus nach gcloífidh sí go ródhocht le polaitíocht an pháirtí.

---



## Na Comhairlí Oibreacha Eorpacha a chur i bhfeiliúint don todhchaí: an fáth ar gá an Treoir a athbhreithniú

**Grúpa na nOibrithe in CESE a scríobh**

Tá os cionn 1 200 Comhairle Oibreacha Eorpacha i gcuideachtaí móra ilnáisiúnta i láthair na huaire. Uirlisí tábhachtacha atá iontu maidir leis an daonlathas a chosaint san ionad oibre, i bhfianaise an ceart atá acu faisnéis a fháil faoi shaincheisteanna trasnáisiúnta ó bhainistíocht láir na gcuideachtaí agus a dtuairim a thabhairt ina leith. I measc na saincheisteanna úd tá cúrsaí eacnamaíocha agus airgeadais mar atá faoi láthair agus an méid is dócha a thitfidh amach maidir le poist, infheistíochtaí nó modhanna nua oibre. Níl sé de cheart ag na Comhairlí Oibreacha Eorpacha comhaontuithe a chaibidliú.

Ós rud é gur i gceannáras na cuideachta is mó a dhéantar na cinntí ach go gcuirtear chun feidhme iad fud fad na corparáide, tá tábhacht na gComhairlí seo ag dul i méid i gcónaí. Cuidíonn na Comhairlí Oibreacha Eorpacha le hionadaithe na n-oibrithe tuiscint níos fearr a fháil ar na cinntí a dhéanann na cuideachtaí. Ar an taobh eile den scéal, cuidíonn faisnéis chruinn agus comhairliúchán cuí leis an mbainistíocht cinntí a dhéanamh ar chaoi ar féidir iad a chur chun feidhme gan tuisliú sna tíortha uile.

Mar sin féin, tugann an fhianaise le fios go bhfuil laigí tromchúiseacha sa Treoir maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha atá ann faoi láthair (in 2009 a tháinig sí i bhfeidhm) agus ina cur chun feidhme. Thar aon rud eile, níl sé de cheart ag na Comhairlí Oibreacha Eorpacha dul os comhair na cúirte sa chás go bhfuil a gcearta á sárú. Léirítear san anailís atá déanta ar nósanna imeachta agus rialuithe cúirte go dtí seo gur ann d’éiginnteacht dhlíthiúil, go háirithe maidir leis na sainmhínithe ar na rudaí is ‘faisnéis’, ‘comhairliúchán’, ‘trasnáisiúnta’ agus ‘rúndacht’ ann, mar aon le ceart na gComhairlí fios a chur ar shaineolaithe (cúnamh dlí nó ionadaithe ceardchumainn, cuir i gcás). De bhreis air sin, tá neart rialacháin sheanchaite ann is gá a chur i bhfeiliúint do chúrsaí mar atá i saol an lae inniu.

Is ilghnéitheach na dúshláin atá roimh na cuideachtaí agus a lucht saothair sa lá atá inniu ann: an digiteáil, bearta i gcoinne an athraithe aeráide, cúrsaí déimeagrafaíochta, scileanna. Na dúshláin sin, is féidir leo cur isteach go mór ar iomaíochas na gcuideachtaí, agus ar an tslándáil shóisialta agus táirgiúlacht na n-oibrithe

freisin. Tá sé cruthaithe ag an taighde eolaíoch go gcuireann an fhaisnéis éifeachtach, an comhairliúchán agus/nó cearta rannpháirtíochta na n-oibrithe lena inmharthana atá cinntí agus iomaíochas na gcuideachtaí, rud a thugann le fios gurbh fhéidir leis na Comhairlí Oibreacha Eorpacha ról tábhachtach a bheith acu i gcur chun feidhme an aistrithe chóir.

Ina fhianaise sin uile, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir d'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, mar aon le feidhmiú cuí na gComhairlí Oibreacha Eorpacha. Ba cheart gur leor athbhreithniú tapa gan tuisliú ar an Treoir, chun na heasnaimh atá inti a chur ina gceart agus na Comhairlí a chur i bhfeiliúint don todhchaí. Déantar measúnú sa tuairim ó CESE ar an togra ón gCoimisiún agus tá moltaí nithiúla inti do na reachtóirí maidir lenarbh fhéidir a dhéanamh chun an Treoir a fheabhsú.

---




## Ní mór don tsláinte a bheith ina príomhthosaíocht i gcónaí sa téarma reachtach nua

**Le Grúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta**

**Iarrann gairmithe cúraim sláinte agus ionadaithe na sochaí sibhialta ar lucht ceaptha beartas 'seiceáil sláinte' a thabhairt isteach le haghaidh na mbeartas uile a bheidh ann amach anseo. Is éard atá á iarraidh acu go mbeidh an 'ceart chun sláinte' ar bharr chlár oibre an Aontais agus ar an gclár oibre náisiúnta sa téarma reachtach nua, rud a d'iarr muintir na hEorpa ag an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa.**

Ní mór bearta sláinte náisiúnta agus Eorpacha a chomhordú agus a ailíniú ar bhealach níos fearr chun earnáil sláinte níos inbhuanaithe a thógáil a bheidh athléimneach in aghaidh suaití amach anseo agus lena ráthófar rochtain chomhionann ar chúram sláinte ar ardchaighdeán do chách.

De réir na comhdhála ar Staid na Sláinte san Aontas Eorpach, a tionóladh an 4 Meitheamh in Liège, meastar go mbeidh ról lárnach ag an infheistíocht, an cosc, nuálaíochtaí teicneolaíochta agus an t-oideachas sláinte luath-óige sa mhéid seo. D'eagraigh Grúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta in CESE, an t-ospidéal ollscoile (CHU) agus an t-ospidéal 'Hôpital de la Citadelle' in Liège an ócáid, i gcomhthéacs Uachtaránacht na Beilge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

'Sa chéad téarma reachtach eile, is é sin le rá ó 2024 go 2029, ní mór don tsláinte a bheith ina príomhthosaíocht straitéiseach i gcónaí don Choimisiún Eorpach nua, do Pharlaimint nua na hEorpa agus don Chomhairle,' a dúirt **Séamus Boland**, cathaoirleach Ghrúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta. Ba cheart do na hinstitiúidí Eorpacha glacadh le cur chuige 'Aon Sláinte Amháin' lena gcuirtear chun cinn na hidirnaisc idir an beartas sláinte agus athruithe déimeagrafacha, an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú comhshaoil, an tslándáil eacnamaíoch agus an beartas tionsclaíoch.

Chuir **Séamus Boland** i bhfios go láidir nach féidir leis an mbeartas sláinte feidhmiú go héifeachtach ach amháin má dhéantar é a bhainistiú i gcomhar le seirbhísí sóisialta inrochtana, leordhóthanacha agus ar ardchaighdeán agus le beartais shóisialta phoiblí, agus má tá lucht saothair leordhóthanach de ghairmithe sláinte dea-oilte ann. Agus béim á leagan aige ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht dhíreach agus cuntasacht eagraíochtaí na sochaí sibhialta sa chúram sláinte, amhail cumainn othar, dúirt sé an méid seo a leanas: 'Tá glacadh agus rath tionscnamh agus clár sláinte Eorpach ag brath ar idirphlé trédhearcach, rialta agus struchtúrtha le heagraíochtaí na sochaí sibhialta. Dá réir sin, tá a gcumas an obair sin a dhéanamh ag brath ar chistiú inbhuanaithe intuartha a fháil.'

Ag an gcomhdháil, pléadh roinnt gnéithe bunúsacha nach mór díriú orthu chun an tAontas Sláinte Eorpach a neartú.

- an tiomantas don chur chuige ‘Aon Sláinte Amháin’;
- nuálaíochtaí digiteacha agus a dtionchar ar an tsláinte;
- an inbhuanaitheacht agus córais sláinte a sheasfaidh an aimsir a áirithiú tríd an infheistíocht shóisialta;
- an comhrac domhanda i gcoinne neamhionannais sláinte ó thaobh na dlúthpháirtíochta Eorpaí de: cás na ngalar neamhchoitianta.

Foilseofar conclúidí agus moltaí na comhdhála ar leathanach gréasáin an imeachta.

Is féidir teacht ar thuilleadh eolais faoin gcomhdháil inár bpreaseisiúint.

# AG DÍRIÚ AR AN ÓIGE



## Conas a thagann an Rassemblement national i dtír ar vótaí na ndaoine óga

**le Christophe Préault, Stiúrthóir Dréachtaithe, Touteleurope.eu**

**I dtoghcháin Eorpacha na bliana 2024, is fearr a chruthaigh Rassemblement náisiúnta na Fraince, páirtí atá i bhfad ar dheis, ná an tuar a bhí sna pobalbhreitheanna, agus fuair siad an toradh ab fhearr ó bunaíodh iad. Rud eile, fuair siad os cionn trian de vótaí na ndaoine atá faoi bhun 35 bliana d’aois. Is é Christophe Préault, eagarthóir sinseartha *Toute l’Europe*: seo anailís an aoi speisialta ar thoradh mór an Rassemblement nationale (RN) agus ar a fheabhas a d’éirigh le ceannaire an pháirtí Jordan Bardella, fear ó bhruachbhailte Pháras nach bhfuil ach 28 bliain d'aois a mbíonn síorfheiceáil air ar TikTok.**

Níor vótáil oiread daoine riamh don Rassemblement Nationale (RN) agus a vótáil i dtoghcháin Eorpacha i mí an Mheithimh 2024, agus mheall siad beagnach aon trian de na vótálaithe (31.4 %). Is é an RN is lionmhaire a mheall vótaí ó mórán gach aoisghrúpa agus gach grúpa soch-ghairmiúil, rud a tháinig aniar aduaidh ar an tír gan aon agó. Is fíor sin go háirithe i gcás na ndaoine óga: mheall liosta Jordan Bardella 32 % de na daoine idir 25 agus 34 bliana d’aois, ghnóthaigh siad os cionn 10 bpointe breise (26 %) san aoisghrúpa 18-24 bliana thar thoghcháin Eorpacha na bliana 2019.

Tá fachtóirí éagsúla le lua leis an chluain a chuir an RN ar an aos óg. Ar an gcéad dul síos, b’fhiú pearsantacht Jordan Bardella a lua. Ba é Bardella príomhiarrthóir an pháirtí sna dtoghchán Eorpach, agus is

eisean Uachtarán an pháirtí, rud nach bhfuil de réir na gnáthnósmhaireachta. Is é guth na fírinne é dar leis na daoine óga, duine díreach dar leo, agus cuma na macántachta air nuair is ag tabhairt dhúshlán an tsaoil pholaitiúil a bhíonn sé. Tá tábhacht lena scéal féin chomh maith ós é is scéal do go leor. Is ar theallach meánaicmeach a rugadh é. I mbruachbhailte Pháras a tógadh é (Seine-Saint-Denis). Ní fear é a bhfuil oideachas ná ardléann air, níl céim ollscoile aige go deimhin, ach cothrom na hArdteistiméireachta. Sin fáth mór a bhfuil mealladh na hóige ann, agus mealladh chlann an lucht oibre, daoine nach léir dóibh céard atá i ndán dóibh, daoine a bhraitheann go bhfuil neamhaird á déanamh díobh, neamhaird nó dearmad glan.

Ní hiontas ar bith gur éirigh le Jordan Bardella oiread sin daoine idir 18 agus 34 bliana d'aois a mhealladh mar is fear é atá fós in aois na hóige é féin! Ina aois 28 mbliana dó más ea, tá cóid na glúine seo ar a thoil aige, agus is maith a éiríonn leis an tuiscint atá aige orthu a chur chun tairbhe dó féin. Tugtar faoi deara gurb é Emmanuel Macron ab urlabhraí do chaithréim na hóige in 2017, rud is díol spéise, ach is aicme eile den tsochaí a bhí i gceist sa chás sin.

Dá bhrí sin, baineann RN sochar agus tairbhe as pearsantacht an cheannaire agus as an íomhá a chothaítear go forleathan trí bhíthin na meán sóisialta. Bíonn síorfheiceáil ar Jordan Bardella ar TikTok, rud a bhfuil ról tábhachtach aige sa straitéis toghchánaíochta a chleachtann sé, nuair is fíor a rá ar an saol seo nach ó na meáin thraidisiúnta a fhásann na daoine óga a gcuid eolais feasta. Tá lucht a leanta ag dul i líon ar Tik Tol (i.6 milliún síntiúsóir). Ní ag trácht ar Chonarthaí na hEorpa a bhíonn sé na ar leasú na gConarthaí sin. Ní hé scéal na hÚcráine ná an Comhaontú Glas is cás leis. Is é a shaol féin ó lá go lá a bhíonn sé a thaispeáint. Ceiliúrann sé féile na máithreacha. Bíonn físeáin ann den oifig agus é féin i mbun a chuid oibre, é féin ar a thaisteal ó áit go chéile. Labhraíonn sé faoi chúrsaí an lae agus faoi na hábhair a bhfuil aird ag na daoine orthu ar ala na huaire. Is fear é a bhíonn ag tabhairt a ndúshláin do lucht na géimeála, idir óg eile, daoine a bhfuil suim thar na bearta acu do na cluichí físeáin.

Tá bearna idir an ghlúin óg agus an ghlúín a tógadh i saol na polaitíochta traidisiúnta, bearna atá ag méadú léi, agus sin rud is neartú ar íomhá Jordan Bardealla, an seasamh atá aige, agus dioscúrsa pobalach, nuair is amhlaidh atá ábhar imní ag na vótóirí nach raibh ann chomh mór céann nuair a bhí toghcháin Eorpacha 2019 ann. In 2019, is ag cur ar son an chomhshaoil a bhí an ghlúin óg, ach d’imigh sin agus tháinig seo: is ceisteanna eile atá ag déanamh tinnis dóibh feasta, ceisteanna de dhlúth agus d’inneacht an tsaoil laethúil iad mar sin féin. Sa lá atá inniu ann, is í an easpa slándála (rud atá fite fuaite leis an imirce thar tír isteach), sin agus luach an airgid atá ag duine le caitheamh - nó cumhacht an airgid sin – an dá chloch is mó ar an bpaidrín. Is uisce i muileann an RN atá sa tuile feirge atá sa tír, agus is maith atá ag éirí leis an bpáirtí teacht i dtír ar fhrustrachas na glúine óige seo a bhraitheann go bhfuil siad fágtha in áit na leithphingine. Ní bréag a rá nár thug na polaiteoiri aird a ndóthain ar iarmhairtí ghéarchéim COVID in 2020. De dheasca phaindéim COVID-19, is mór a tháinig an neamhionannas i measc na ndaoine óga chun suntais sa bhFrainc agus san Eoraip, agus is chun donais a chuaigh an neamhionannas sin le linn na géarchéime, rud is fíor ar mhargadh an tsaothair, sin agus an rochtain ar oideachas agus a dheacra atá sé don té atá ag dul don oideachas a chúrsa a choinneáil. Is é fírinne an scéil gurb éard a síleadh go soineanta simplí i gcás na hoiliúna gur leor de réiteach an digitiú ar gach uile ghné den oideachas!

Dá bhrí sin, in áit a bheith ag gol ag gárthach faoin RN, ba chóir féachaint go grinn ar vótálaithe an RN, go háirithe óige na meánaicme. Ní mór freagraí soiléire nithiúla a chur ar fáil, freagraí a bheadh in oiriúint do nithe is cúis imní dóibh: an foréigean atá ag méadú sa tsochaí; na seirbhísí poiblí á gciorrú sna ceantair thuaithe; a dheacra atá sé post nó oiliúint a fháil; an inimirce a bheith ó smacht dar le daoine go leor. Maidir leis na páirtithe polaitiúla traidisiúnta, beidh orthu bíogadh ar deireadh agus aird a thabhairt ar an aicme daoine a mbítear gan dáimh leo, daoine nárbh fhiú leis na polaiteoirí bacadh leo toisc iad a bheith gan

claonadh chun polaitíochta, toisc iad a bheith ina dtost. I bhfearadh an chomhraic sin, ní mór dúinn a admháil gur ar chúl sceiche atá an tAontas Eorpach, ainneoin líon mór na gclár atá tiomnaithe don óige, don oideachas, don tacaíocht fostaíochta agus don chomhrac i gcoinne na héiginnteachta. Is maith an tús Erasmus, an tsoghluaisteacht agus eispéiris a chur chun cinn do dhaonra ar bhreis éagsúlachta (printísigh, daoine dífhostaithe, etc.), ach is léir nach leor é sa lá atá inniu ann. Réiteach ar bith dá mbeidh ann, beidh cuimsiú ann ar fhadhb na himirce. Sin fadhb atá i gcearlár na díospóireachta anseo san Eoraip. Fadhb atá ina ding ag scoilteadh na sochaí orainn. Fadhb atá fós idir chamáin – ainneoin gur glacadh an comhaontú Eorpach maidir le hImirce agus Tearmann le déanaí.

*Is iriseoir é Christophe Préault, eagarthóir ar Touteleurope.eu, suíomh faisnéise oideachais maidir le feidhmiú agus beartais an Aontais Eorpaigh. Tá taithí na mblianta aige ar an obair i ngort na gcúrsaí reatha, go háirithe ceisteanna Eorpacha agus eacnamaíocha. Is céimí de chuid l'Institut d'études politiques de Bordeaux atá ann agus de chuid an École Nationale d'Administration. Is é atá freagrach faoi láthair as an dréachtú le Touteleurope.eu. Is minic díospóireachtaí agus comhdhálacha faoi chúrsaí na hEorpa á stiúrú aige.*

---



## Cén bealach le teagmháil a choinneáil le Glúin 'TikTok'?

**le Rieke Smit, eagarthóir Social News Daily/ #UseTheNews**

**Iriseoir óg an t-aoi speisialta atá linn inniu, Rieke Smit ó #UseTheNews. Is tionscnamh ó DPA, gníomhaireacht nuachta Ghearmánach, é #UseTheNews atá dírithe ar aird Ghlúin Z ar an nuacht agus é mar sprioc aige inniúlacht na glúine sna meáin chumarsáide a fheabhsú. De réir na bhfigiúirí, tá sciar na ndaoine idir 18 agus 24 bliana d'aois a chuireann spéis sa nuacht faoi bhun an tríú cuid agus is ar TikTok, agus air sin amháin, a fhaigheann 23 % díobh a gcuid nuachta. Agus an scéal sin amhlaidh, scríobh Rieke píosa maidir leis an mbealach le haird Ghlúin Z a fháil ar Tiktok agus ar ardáin eile na meán sóisialta, agus faoin gcaoi le spéis a mhúscailt iontu i nuacht thábhachtach, nuacht a bhfuil tionchar díreach aici ar a saol.**

Tá glúin á cailleadh againn... Ar a laghad, sin mar a mhothaíonn sé. Tá an nuacht a bhíonn á cur amach againn na laethanta seo i ngan fhios do Ghlúin Z. Is lú ná duine as gach triúr líon na ndaoine idir 18 agus 24 bliana d'aois a chuireann spéis sa nuacht. Is airde an céatadán sin fós maidir le daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Ní feiniméan nua é seo i gcoitinne. Tá cloiste ag gach aon duine na laethanta seo faoi thuirse nuachta agus seachaint nuachta. Anuas ar an méid sin, tá tionchairí agus ardáin ar a mbíonn físeáin ghairide á gcomhroinnt ag dul ó neart go neart, go háirithe i measc daoine óga, mar a dheimhnítear sa Tuarascáil is déanaí ar an Nuacht Dhigiteach ó Institiúid Reuters um Léinn na hIriseoireachta.

Tá aird an aosa óig ar an nuacht ag dul i laghad le tamall anuas toisc nach mbíonn sé éasca orthu nuacht iontaofa a aimsiú ar ardáin ar nós TikTok. Rud eile de, ní fheictear dóibh an bhaint atá ag an nuacht lena

saol féin. Tháinig an pointe sin chun cinn i bhfreagra a thug cailín 16 bliana d'aois i staidéar #UseTheNews dár gcuid. Lón machnaimh atá sa phointe sin faoin treocht scanrúil seo. Is é an cheist mhór atá ann ná: Conas is féidir linn aird ghlúin TikTok a tharraingt?

Ar an gcéad dul síos, caithfimid dul ar na hardáin ar a bhfuil siadsan, agus nuacht, dearcthaí agus faisnéis chúlra a scaipeadh. Ina dhiaidh sin, ní mór dúinn a chur in iúl do dhaoine óga cén fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach sin dá saol fanacht ar an eolas faoi chúrsaí reatha. Má dhéanaimid é sin, neartóimid – is maith mar a tharlaíonn – litearthacht daoine óga sna meáin chomh maith.

Sin is aidhm don tionscnaimh #UseTheNews agus foireann eagarthóireachta Social News Daily, ar thug siad orthu féin é 'Bliain na Nuachta' a dhéanamh de 2024 d'fhonn an tsochaí agus an daonlathas a neartú trí litearthacht nuachta a mhéadú, i measc déagóirí agus aosaigh óga go háirithe.

Tugann Social News Daily aghaidh ar an dúshlán sin trí nuacht a scaipeadh ar TikTok, ar Instagram agus ar YouTube. Nuacht? Ar na meáin shóisialta? Cad é mar a oibríonn sé sin? Bhuel trí leas a bhaint as na modhanna a thuig lucht na gcruthaitheoirí i bhfad romhainn: is féidir leat a bheith ag cur smideadh ort, a bheith ag cócaireacht nó a bheith amuigh ar shiúlóid agus fós a bheith ag labhairt faoi ábhair throma. Sin go díreach a dhéanaimid ag SND – ach leis an nuacht.

Nósanna féachana lucht úsáidte na meán a athrú: is é sin atáimid ag iarraidh a dhéanamh trí dhul i ngleic le hábhair ollmhóra laistigh d'fhíseáin 40 soicind. Caithfimid freisin a chur in iúl don déagóir 16 bliana d'aois cén tábhacht atá ag an méid sin dó/di i saol an lae inniu.

Bíonn clicmhealladh á úsáid againn leis – ach gan na caighdeáin iriseoireachta a ligean le sruth. An chúis? Mar ní bhíonn ach dhá shoicind agat ar TikTok aird an úsáideora a fháil. Mura spreagann an físeán fiosracht an úsáideora san am fíorghairid sin, ní bhreathnóidh duine ar bith air. Leis sin, cuirimid ceist chonspóideach nó tugaimid fíric neamhghnách ar dtús – i.e. clicmhealladh a úsáid le haird an lucht féachana a fháil – ach tugaimid na freagraí ag deireadh an fhíseáin fós. Ar an gcaoi sin, fanann an t-úsáideoir linn agus, i ngan fhios dó/di féin, súnn sé/sí isteach ábhar iriseoireachta. Agus sin é?

An leor é sin chun eagraíocht meán a bhunú ar na meáin shóisialta? A fhad ar a ghiorracht, ní leor. Is gá tuilleadh pointí teagmhála a bheith ann idir daoine óga agus iriseoirí. Sin d'fhonn muinín sna meáin a neartú agus trédhearcacht a chur san iriseoireacht. Is féidir sin a dhéanamh, mar shampla, trí na múinteoirí a spreagadh le hinniúlachtaí meán a chur chun cinn sna scoileanna nó trína thuilleadh teagmhála idir an seomra ranga agus oifigí eagarthóireachta a bhunú, mar atá á dhéanamh againn leis na 'Tionscadail shamplacha' agus 'Newscamps' faoi #UseTheNews.

Tá an deis ann, má táimid san áit ina bhfuil na daoine óga, bíodh sé sin ar scoil, ag féile, nó ar na meáin shóisialta, agus má thosaímid comhrá leo faoin mbréagnuacht, faoi na meáin agus faoi impleachtaí an méid sin, tá an deis ann go dtabharfaidh Glúin Z aird ar an nuacht arís eile.

TikTok: https://www.tiktok.com/@social.news.daily

Cainéal #UseTheNews: https://www.instagram.com/usethenews2024/?hl=de

*Agus Rieke ina heagarthóir ar dualgas, coinníonn sí súil ar an obair eagarthóireachta laethúil ag Social News Daily (SND). Ó 2021, bíonn róil éagsúla á ndéanamh ag Rieke le #UseTheNews. Inniu tá sí freagrach as pleanáil, comhordú agus formheas ábhar SND. Tar éis di céim bhaitsiléara agus céim mháistreachta a chur i*

*gcrích i réimsí na hiriseoireachta agus na cabhrach daonnúla, thug sí faoi thréimhse oiliúna le FUNKE Zentralredaktion.*

*Fiosraíonn #UseTheNews, tionscnamh de chuid na gníomhaireacht nuachta Gearmánaí, DPA, bun agus barr inniúlachtaí na ndaoine óga sna meáin. Le cabhair ó Institiúid Leibniz um Thaighde sna Meáin, déantar formáidí nuálacha nuachta a fhorbairt i saotharlann litearthachta nuachta agus ag deasc na nuachta sóisialta. Ina theannta sin, cuireann #UseTheNews ceardlanna ar siúl do mhúinteoirí agus cuireann sé ábhair ar fáil dóibh. Tacaíonn roinnt mhaith comhpháirtithe ó na meáin, ón saol acadúil agus ón lucht taighde leis an tionscadal seo, agus Bord Iontaobhaithe ann ina bhfuil daoine mór le rá ó na meáin agus ón saol polaitiúil.*

---



## An bhfuil sé d’acmhainn agatsa a bheith ag obair saor in aisce?

**Le Cláudia Pinto, Fóram Eorpach na nÓg**

Is é Fóram Eorpach na nÓg an t-ardán is mó d’eagraíochtaí óige san Eoraip, agus tar éis dó tréimhsí oiliúna ardchaighdeáin a mholadh le 10 mbliana anuas, tá sé ag tacú anois leis an iarraidh ó CESE cosc a chur ar thréimhsí oiliúna gan íocaíocht. Tá anailís déanta ag ár n-aoi speisialta, Cláudia Pinto ó Fhóram Eorpach na nÓg, ar an togra is déanaí ón gCoimisiún chun feabhas a chur ar cháilíocht tréimhsí oiliúna san Aontas agus tá na lochtanna uile liostaithe aici cé go bhfuil sí den tuairim gur céim mhór chun tosaigh é ar an iomlán.

Is minic, agus iad ag lorg post, nach mbíonn roimh dhaoine óga sa lá atá inniu ann ach sraith de thréimhsí oiliúna neamhíoctha. Cén gealltanas a thugtar? Deirtear gur bealach le dul isteach i margadh an tsaothair atá sna tréimhsí oiliúna sin gan phá. Maítear go dtugtar rochtain do dhaoine óga ar líonraí agus go gcuirtear taithí foghlama nua ar fáil dóibh.

Níl a leithéid de rud, áfach, agus neamhspleáchas airgeadais le tréimhsí intéirneachta den chineál sin. Conas is féidir bia a cheannach, cíos a íoc nó smacht a choinneáil ar na billí uile sin a mbíonn sa mhullach orainn ar fad más ag obair saor in aisce atá tú?

Is dúshaothrú ar dhaoine óga i margadh an tsaothair i ndáiríre iad na tréimhsí oiliúna gan phá. Cuireann siad leis an eisiamh sóisialta freisin ós rud é go bhfágtar ar lár láithreach bonn na daoine sin nach acmhainn dóibh a bheith ag obair saor in aisce, daoine óga ó chúlra faoi mhíbhuntáiste cuir i gcás. Mar bharr donais ar an scéal, ní ann do phoist ar an leibhéal iontrála mar gheall orthu, rud a fhágann gur forbhásaí fós an margadh saothair.

Tá tréimhsí oiliúna ar ardchaighdeán á gcur chun cinn ag Fóram Eorpach na nÓg le 10 mbliana anuas. Le dhá bhliain anuas, tá feachtas dar teideal An bhfuil sé d’acmhainn agatsa a bheith ag obair saor in aisce? á reáchtáil go gníomhach againn, agus treoir á éileamh againn chun cosc a chur ar thréimhsí oiliúna gan phá i margadh an tsaothair i mBallstáit uile an Aontais.

D’fhoilsigh an Coimisiún Eorpach togra chun feabhas a chur ar cháilíocht tréimhsí oiliúna san Aontas Eorpach ar deireadh i mí an Mhárta agus, go deimhin, rinne sé treoir a iarraidh ann! Is céim mhór chun cinn é seo

agus tiomantas dochloíte na ndaoine óga ar fud na mór-roinne ba chúis leis. In ainneoin na céime chun tosaigh, áfach, ní áirithítear go soiléir faoin treoir go gcuirfear pá ar fáil do thréimhsí oiliúna i margadh an tsaothair.

Is é príomhábhar imní Fhóram Eorpach na nÓg maidir leis an téacs atá beartaithe nach dtéann sé i ngleic ach le gné amháin den fhadhb. Ní phléitear ann ach na tréimhsí oiliúna bréagacha (i.e. gnáthphoist atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna agus é d’aidhm acu dálaí oibre agus an pá go háirithe a ísliú) nuair ba cheart díriú ar gach intéirneach i margadh an tsaothair. Treoir um fhorfheidhmiú atá á moladh ag an gCoimisiún Eorpach, rud a chuireann cuid mhaith brú ar chigireachtaí saothair, daoine nach dtugtar acmhainní airgeadais leordhóthanacha dóibh agus a bhfuil ualach trom oibre orthu cheana féin.

Dá bhrí sin, is cúis imní é d’Fhóram Eorpach na nÓg cur chun feidhme praiticiúil na treorach agus an chaoi ar féidir cearta daoine óga a urramú go praiticiúil. Go bunúsach, ní dhéantar sa togra ach sainmhíniú a thabhairt ar cad nár cheart a dhéanamh le linn na dtréimhsí oiliúna seachas cearta a bhronnadh go soiléir ar intéirnigh. Cé go n-áirítear prionsabal ann nach ndéanfar idirdhealú ar intéirnigh is ábhar imní é d’Fhóram Eorpach na nÓg, mar sin féin, an chaoi a bhféadfadh na Ballstáit an prionsabal sin a thrasuí sa reachtaíocht náisiúnta ós rud é go bhféadfadh fostóirí leanúint fós de dhúshaothrú a dhéanamh ar dhaoine óga.

Sa bhreis ar an togra le haghaidh treorach, mhol an Coimisiún Eorpach Moladh nua ón gComhairle freisin chun an Creat Cáilíochta le haghaidh Tréimhsí Oiliúna a thabhairt cothrom le dáta, trína raon feidhme a leathnú chuig gach cineál intéirneachta agus trí phrionsabail maidir le rochtain ar phá agus ar chosaint shóisialta a áireamh ann. Is iontach an rud é na prionsabail sin a bheith le feiceáil i dtogra cé nach bhfuil an Moladh ón gComhairle ceangailteach faraor.

Leanfaidh Fóram Eorpach na nÓg de chearta daoine óga a chosaint agus de bheith ag troid ar son dálaí oibre cothroma. Iarraimid ar an gComhairle Eorpach agus ar Pharlaimint na hEorpa an téacs a neartú agus a áirithiú nach mbeidh aon lúb ar lár ann a d’fhéadfadh dúshaothrú leanúnach daoine óga a cheadú. Chun miondealú iomlán ar an togra seo a fháil, bí cinnte agus ár n-alt Two Steps Forward One Step Back a léamh.

*Cláudia Pinto ó Fhóram Eorpach na nÓg atá i gceannas ar an obair thathanta maidir le haistriú daoine óga ón oideachas go margadh an tsaothair, ina ndírítear ar bheartais chun feabhas a chur ar cháilíocht na dtréimhsí oiliúna san Eoraip. Agus saineolas aici ar bheartas sóisialta agus saothair na hEorpa, d’oibrigh sí roimhe seo i gCónaidhm Eorpach na gCeardchumann Neamhspleách.*


## Editors

Ewa Haczyk-Plumley (editor-in-chief)
Laura Lui (ll)

## Contributors to this issue

Daniela Vincenti (dv)
Dimitra Panagiotou (dp)
Ewa Haczyk-Plumley (ehp)
Giorgia Battiato (gb)
Jasmin Kloetzing (jk)
Katerina Serifi (ks)
Katharina Radler (kr)
Laura Lui (ll)

Marco Pezzani (mp)
Margarita Gavanas (mg)
Margarida Reis (mr)
Millie Tsoumani (mt)
Pablo Ribera Paya (prp)
Thomas Kersten (tk)

## Coordination

Agata Berdys (ab)
Giorgia Battiato (gb)

## Address

European Economic and Social Committee
Jacques Delors Building,
99 Rue Belliard,
B-1040 Brussels, Belgium
Tel. (+32 2) 546.94.76
Email: eescinfo@eesc.europa.eu

EESC info is published nine times a year during EESC plenary sessions. EESC info is available in 24 languages
EESC info is not an official record of the EESC's proceedings; for this, please refer to the Official Journal of the European Union or to the Committee's other publications.
Reproduction permitted if EESC info is mentioned as the source and a link  is sent to the editor.

06/2024